**MOLADH AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH**

**an 5 Nollaig 2025**

**lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus cómhalartacht dheonach na mbeart sin**

**(BERS/2025/11)**

(C/2026/548)

TÁ BORD GINEARÁLTA AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([1]), agus go háirithe Iarscríbhinn IX de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach ([2]), agus go háirithe Airteagail 3, 16 agus 18 de,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE ([3]), agus go háirithe Teideal VII, Caibidil 4, Roinn II de,

Ag féachaint do Chinneadh BERS/2011/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Eanáir 2011 lena nglactar le Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach ([4]), agus go háirithe Airteagail 18 go 20 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun bearta beartais macrastuamachta náisiúnta atá éifeachtach comhsheasmhach a áirithiú, tá sé tábhachtach an t-aitheantas a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais a chomhlánú leis an gcómhalartacht dheonach.

(2) Is é is aidhm don chreat maidir le cómhalartacht dheonach i ndáil le bearta beartais macrastuamachta a leagtar amach i Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ([5]) a áirithiú go ndéanfar na bearta beartais macrastuamachta ar fad atá bunaithe ar neamhchosaintí agus a ghníomhachtaítear i mBallstát amháin a chómhalartú sna Ballstáit eile.

(3) An 11 Eanáir 2022, chuir Nationale Bank van België/Banque Nationale de Belgique (NBB/BNB) iarraidh faoi Airteagal 134(5) de Threoir 2013/36/AE faoi bhráid BERS chun go ndéanfadh Ballstáit eile cómhalartú ar an maolán um riosca sistéamach earnálach (SyRB), a socraíodh i gcomhréir le hAirteagal 133(9) den Treoir chéanna, is infheidhme ón 1 Bealtaine 2022. Mar thoradh air sin, an 30 Márta 2022, chun cosc a chur ar theacht chun cinn éifeachtaí diúltacha trasteorann i bhfoirm sceite agus arbatráiste rialála a d'fhéadfadh eascairt as cur chun feidhme an bhirt beartais macrastuamachta a bheadh infheidhme sa Bheilg, ghlac Bord Ginearálta BERS Moladh BERS/2022/3 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ([6]), lenar leasaíodh Moladh BERS/2015/2 chun an beart sin a áireamh ar liosta na mbeart beartais macrastuamachta a mholtar a fhrithingiú faoi.

([1]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.
([2]) IO L 331, 15.12.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1092/oj.
([3]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj.
([4]) IO C 58, 24.2.2011, lch. 4.
([5]) Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 15 Nollaig 2015 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhalartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C 97, 12.3.2016, lch. 9).
([6]) Moladh BERS/2022/3 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 30 Márta 2022 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus cómhalartacht dheonach na mbeart sin (IO C 206, 23.5.2022).

(4) Tar éis iarrataí ó NBB/BNB, leasaíodh Moladh BERS/2015/2 ina dhiaidh sin le Moladh BERS/2023/9 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ([7]), chun athchalabrú an sSyRB ó 9 % go 6 % ón 1 Aibreán 2024 a léiriú, agus le Moladh BERS/2024/5 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ([8]), chun cómhalartú an bhirt beartais macrastuamachta sin a mholadh ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair, de bhun Airteagal 134(5) de Threoir 2013/36/AE.

(5) An 16 Deireadh Fómhair 2025, thug NBB/BNB fógra do BERS go raibh sé ar intinn aige an syRB a dhíghníomhachtú ón 1 Iúil 2026.

(6) Chinn Bord Ginearálta BERS roimhe seo na bearta sin a áireamh sa liosta de na bearta beartais macrastuamachta a mholtar a chómhalartú faoi Mholadh BERS/2015/2.

(7) Ní dhéanann an leasú seo ar Mholadh BERS/2015/2 difear don leanúnachas a bhaineann le cómhalartú aon bhirt macrastuamachta náisiúnta eile atá i bhfeidhm faoi láthair a mholadh.

(8) Mar sin, ba cheart Moladh BERS/2015/2 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

ROINN 1

**Leasuithe**

Leasaítear Moladh BERS/2015/2 mar seo a leanas:

(1) in Roinn 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomholadh C(1):

scriostar an focal 'an Bheilg:' agus an beart faoin mBeilg;

(2) san Iarscríbhinn, scriostar an teideal 'An Bheilg', agus an beart faoi 'An Bheilg', lena n-áirítear na ranna dar teideal 'I. Tuairisc ar an mbeart', 'II. Cómhalartú' agus scriostar 'III. Tairseach ábharthachta'.

ROINN 2

**Forálacha críochnaitheacha**

Iarrtar ar na húdaráis ábhartha éifeacht a thabhairt don Mholadh seo ón 1 Iúil 2026.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 5 Nollaig 2025

*Ceann Rúnaíocht BERS,*
*Ar son Bhord Ginearálta BERS*
Francesco MAZZAFERRO

([7]) Moladh BERS/2023/9 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 3 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhalartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C, C/2023/899, 14.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/899/oj).

([8]) Moladh BERS/2024/5 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 27 Meán Fómhair 2024 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhalartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C, C/2024/6967, 14.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6967/oj).